

# Bain triail as an mbalún féinséidte

Coincheap—Fuinneamh ceimiceach

NASC LEIS AN gCURACLAM:


Curaclam Eolaíochta – Ábhair

## Turgnamh

Beidh gá agat le:

- Buidéal plaisteach uisce 500 ml, folamh
- Balún
- Tonnadóir
- Leath-chupán finéagair
- 8 taespúnóg de sóid aráin (gnáth-chomhábhar cócaireachta atá ar fáil sna hollmhargaí)

1. Ag tús an turgnaimh duit déan réamh-shíneadh ar an mbalún trína shéideadh agus an t-aer a scaoileadh amach.
2. Cuir an tsóid aráin sa bhuidéal finéagair.
3. Trí thonnadóir doirt an finéagar isteach sa bhalún dí-shéidte.
4. Gan an finéagar a dhoirteadh, sleamhnaigh béal an bhalúin ar an mbuidéal.
5. Ardaigh agus fáisc an balún i dtreo is go ndoirteann an finéagar isteach sa bhuidéal.
6. Laistigh de nóiméad nó dhó séidfear suas an balún!



**Nóta:** Má tá sé deacair an balún a chur ar an mbuidéal gan an finéagar a dhoirteadh, d'fhéadfá iarracht a dhéanamh an finéagar a chur sa bhuidéal agus an tsóid aráin a chur sa bhalún. Nuair a mheascann tú an finéagar agus an tsóid aráin tarlaíonn imoibriú ceimiceach. Is imoibriú ceimiceach é dó. Nuair a dhóitear gual tiontaítear an fuinneamh ceimiceach ina fhuinneamh teasa, agus scaoiltear CO<sub>2</sub>.

**Tuilleadh Oibre:**

- Triail an dé-ocsaíd charbóin sa bhalún a scaoileadh amach os cionn coinne lasta. Úsáidtear dé-ocsaíd charbóin i múchtóirí dóiteáin mar go gcoinníonn sé ocsaigin ón lasair agus múchann sé an tine. An bhfanann an choinneal ar lasadh?
- Triail an balún lán ón turgnamh seo a úsáid i do rás balúin roicéid. Sa tslí sin beidh tú ag úsáid an fhuinnimh cheimicigh a bhí stóráilte go bunúsach sa tsóid aráin agus san fhinéagar chun cumhacht a thabhairt do do bhalún roicéid.

